

Lucsamburg, 12 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

10349/1/26
REV 1

GLOBAL GATEWAY 40	ECOFIN 798
COASI 103	FIN 842
COEST 457	CCG 23
COAFR 177	TRANS 400
MED 29	ENER 381
MAMA 142	ENV 697
COLAC 85	DEVGEN 98
COWEB 85	DIGIT 158
COMPET 745	

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	15 Meitheamh 2026
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le Global Gateway

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, leagan comhdhlúite de na Conclúidí ón gComhairle maidir le Global Gateway, a d'fhormheas an Chomhairle ag an 4182ú cruinniú dá cuid, an 15 Meitheamh 2026. Comhdhlúthaítear sa doiciméad an foilseachán bunaidh agus an dá dhoiciméad COR a foilsíodh tar éis an fhoilsithe bunaidh (tá fonótaí i míreanna 4 agus 18 curtha leis).

Conclúidí ón gComhairle maidir le Global Gateway**A. Brollach/Comhthéacs**

1. Is é Global Gateway straitéis infheistíochta dhomhanda an Aontais chun acmhainní poiblí agus príobháideacha a shlógadh chun an bhearna infheistíochta dhomhanda a dhúnadh ar fud na n-earnálacha digiteacha, aeráide, fuinnimh, iompair, sláinte, oideachais agus taighde. Ar bhonn luachanna Eorpacha agus ardchaighdeán, tacaíonn sé le comhpháirtíochtaí comhthairbheacha le tíortha comhpháirtíochta agus neartaíonn sé ról geopholaitiúil an Aontais trí infheistíochtaí ardcháilíochta iontaofa slána inbhuanaithe a chur ar fáil, trí chur chuige Fhoireann na hEorpa agus trí chur chuige cuimsitheach 360 céim, lena gcomhcheanglaítear bonneagar, nascacht, creataí cumasúcháin agus comhar beartais. Is é is aidhm dó tacú le tosaíochtaí tíortha comhpháirtíochta trí fhorbairt inbhuanaithe agus athléimneacht a chothú, lena n-áirítear cuimsiú sóisialta, fás cuimsitheach agus forbairt scileanna, agus leasanna straitéiseacha an Aontais á gcur chun cinn ag an am céanna.
2. Athdhearbhaíonn an Chomhairle, i gcomhthéacs ina bhfuil dúshlán gheopholaitiúla agus gheo-eacnamaíocha ag dul i méid agus ina bhfuil brú méadaithe ar an rialachas daonlathach, ar an gcomhshaol domhanda agus ar an tslándáil eacnamaíoch, gur cuid de thairiscint dhearfach chuimsitheach é Global Gateway ón Aontas agus óna Bhallstáit maidir le comhar straitéiseach le tíortha comhpháirtíochta. Tugtar le chéile sa tairiscint sin comhar um fhorbairt, beartas eacnamaíoch agus eachtrach, trádáil agus infheistíocht chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán dhomhanda chomhroinnte, chun tacú leis an bhforbairt inbhuanaithe, leis an athléimneacht agus leis an bhforbairt dhaonna, agus chun rannchuidiú le huathriail straitéiseach, iomaíochas agus slándáil eacnamaíoch an Aontais a neartú, i ngeilleagar oscailte, trí chomhpháirtíochtaí comhthairbheacha.

3. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an straitéis Global Gateway ina dhlúthchuid de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais anois, ós rud é go bhfuil méadú suntasach tagtha ar a raon feidhme oibríochtúil agus ar a infheictheacht agus go bhfuil acmhainní suntasacha á slógadh leis. Tacaíonn sí le rannpháirtíocht an Aontais le tíortha comhpháirtíochta, mar chuid den tsraith níos leithne d'ionstraimí gníomhaíochta seachtraí, mar aon le gníomhaíochtaí eile comhair um fhorbairt a rannchuidíonn le Cúnamh Oifigiúil Forbartha an Aontais. Ag meabhrú di an ról atá aici i socrú beartas, tá sé ar intinn ag an gComhairle treoir pholaitiúil shoiléir a chur ar fáil chun an straitéis a fhorbairt amach anseo agus í ag dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile. Ba cheart do ghníomhaíochtaí an Aontais tacú le comhlántacht agus comhleanúnachas i réimsí éagsúla ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, an Comhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES).
4. Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil an straitéis Global Gateway bunaithe ar luachanna daonlathacha agus ar ardchaighdeán, lena n-áirítear dea-rialachas agus trédhearcacht, urraim don smacht reachta, cearta an duine agus comhionannas inscne, inbhuanaitheacht comhshaoil agus shóisialta. Cuireann sí i dtreis freisin go gcuirtear Global Gateway chun feidhme trí chomhpháirtíochtaí comhionanna comhthairbheacha arna spreagadh ag riachtanais agus tosaíochtaí na dtíortha comhpháirtíochta agus lena léirítear leasanna straitéiseacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí ann¹, ar réigiúin lánfheidhme de chuid an Aontais iad agus ar dlúthchuid den Aontas iad dá réir, agus na tíortha agus na críocha thar lear atá comhlachaithe leis an Aontas. Leagann sí béim ar an ngá le dul chun cinn a chomhdhlúthú agus a uas-scálú chun torthaí ardtionchair claochlaitheacha inbhuanaithe comhthairbheacha a bhaint amach don Aontas Eorpach agus dá thíortha comhpháirtíochta.

¹ Aithnítear in Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh na srianta sonracha atá ar na Réigiúin is Forimeallaí agus déantar foráil ann maidir le bearta sonracha a ghlacadh i ndáil leis sin, mar a léiríodh sna Conclúidí ón gComhairle an 21 Meitheamh 2022 maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal 'Tús áite a thabhairt do dhaoine: Fás inbhuanaithe cuimsitheach a áirithiú, leas a bhaint as acmhainneacht na réigiún is forimeallaí san Aontas'.

5. Aithníonn an Chomhairle na dúshláin gheo-eacnamaíocha atá roimh an Aontas Eorpach, a Bhallstáit agus a thíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear leochaileachtaí i slabhraí soláthair agus rochtain ar amhábhair chriticiúla agus ar ionchuir straitéiseacha eile, agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá tionscnaimh Global Gateway lena gcuirtear tosaíochtaí geopholaitiúla an Aontais chun cinn agus lena rannchuidítear le timpeallacht shlán chobhsaí le haghaidh infheistíochtaí. Ag an am céanna, ba cheart deiseanna a chruthú leis na hinfheistíochtaí sin do chuideachtaí Eorpacha, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht fhóinteach FBManna, agus tacú le forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe na dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear trí rannchuidiú le héagsúlú na slabhraí soláthair. Cuireann an Chomhairle i dtreis freisin gur cheart do Global Gateway a bheith i gcomhréir go hiomlán i gcónaí leis an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe agus leis na gealltanais dhomhanda, lena n-áirítear Clár Oibre 2030 agus a Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna), Comhaontú Pháras, Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal agus Gealltanas Sevilla maidir le Maoiniú don Fhorbairt, agus nach mór go bhfanfaidh sé i gcomhréir leo go hiomlán.

B. Fís agus Cuspóirí Straitéiseacha

6. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé comhpháirtíochtaí comhthairbheacha a chothú a chuireann le forbairt inbhuanaithe agus athléimneacht na dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear i gcomhthéacsanna leochaileacha agus sna tíortha is lú forbairt, agus le leasanna straitéiseacha an Aontais. Cuireann sí i dtreis nach mór Global Gateway a chur chun feidhme trí chur chuige cuimsitheach 360 céim, lena gcomhcheanglaítear bonneagar claochlaitheach le hathchóirithe um thimpeallacht chumasúcháin, lena n-áirítear creataí rialála, forbairt scileanna agus neartú institiúideach, chun tionchar fadtéarmach na forbartha, chomh maith leis an athléimneacht, an comhtháthú sóisialta agus an infheictheacht, a uasmhéadú. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur féidir Global Gateway a chur i bhfeidhm ar fud na dtíortha comhpháirtíochta uile, agus tugann sí dá haire ag an am céanna, i gcásanna leochaileachta, gur cheart na cineálacha cur chuige agus uirlisí tiomnaithe eile a chomhlánú leis go hiomchuí. Agus iad ag feidhmiú i suíomhanna leochaileacha, ba cheart gníomhaíochtaí Global Gateway a chur in oiriúint don chomhthéacs agus a bhunú ar chineálacha cur chuige atá bunaithe ar riosca agus atá íogair ó thaobh coinbhleachta de i gcomhréir leis an bprionsabal ‘gan dochar a dhéanamh’.

7. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil infheistíochtaí Global Gateway dírithe ar a earnálacha tosaíochta, agus béim á leagan ar na réimsí ina bhfuil buntáistí comparáideacha ag an Aontas agus ina bhfuil éilimh láidre ag na comhpháirtithe, go háirithe an claochlú digiteach agus nascacht shlán iontaofa, fuinneamh in-athnuaite, conairí iompair agus córais sláinte, oideachas agus taighde. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé comhar a dhéanamh le tíortha comhpháirtíochta maidir le hamhábhair chriticiúla ar bhonn a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh, sa tslí is go gcuirfear chun cinn luach áitiúil agus cruthú post cuibhiúil, inbhuanaitheacht agus forbairt áitiúil chuimsitheach, slabhraí soláthair slána inbhuanaithe an Aontais, agus na caighdeáin chomhshaoil agus shóisialta is airde. Ina theannta sin, cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá an comhar in earnálacha a bhfuil tionchar tairbhiúil acu ar an bhforbairt, mar shampla an talmhaíocht, uisce agus an tsláintíocht.
8. Leagann an Chomhairle béim ar chur chuige Fhoireann na hEorpa, mar chnámh droma sheachadadh Global Gateway. Aithníonn sí freisin an ról lárnach atá ag Toscaireachtaí an Aontais, ag Ambasáidí na mBallstát agus ag an gcomhordú le príomhchathracha maidir le hidirphlé polaitiúil agus beartais a stiúradh agus maidir le comhordú a dhéanamh le páirtithe leasmhara áitiúla le linn thimthriall na dtionscadal, sa tslí is go n-áirithítear go gcuirfear Global Gateway chun feidhme agus lánurraim á tabhairt d'úinéireacht na dtíortha comhpháirtíochta agus go mbeidh an cur chun feidhme sin bunaithe ar chomhpháirtíochtaí cothroma a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún freisin roghanna a mholadh chun sainaithint thionscadail shuaitheanta Global Gateway a chuíchóiriú, agus lánurraim á tabhairt do na formáidí agus do na nósanna imeachta seanbhunaithe.

C. Rialachas agus Comhleanúnachas

9. Meabhraítear don Chomhairle an ról lárnach atá aici maidir le tosaíochtaí beartais Global Gateway a leagan síos i gcomhréir le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais agus maidir lena gcomhsheasmhacht agus a n-éifeachtacht a áirithiú. Bunaithe ar an stiúradh foriomlán polaitiúil agus straitéiseach a leag an Chomhairle Eorpach síos, cuirfidh an Chomhairle treoir pholaitiúil ar fáil maidir le tosaíochtaí téamacha agus geografacha Global Gateway agus maidir lena chomhtháthú i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais. Tathantaíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún rannpháirtíocht luath chórasach fhóinteach na mBallstát a áirithiú le linn phleanáil, roghnú agus mheastóireacht ghníomhaíochtaí Global Gateway, lena n-áirítear trí chomhairliúcháin struchtúrtha.
10. Aithníonn an Chomhairle an ról atá ag Bord Global Gateway i ndáil le treoir straitéiseach agus breithniú a thabhairt maidir le cur chun feidhme straitéis Global Gateway, mar thaca leis na treoshuíomhanna polaitiúla arna leagan síos ag an gComhairle, agus maidir le maoirseacht, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún an Bord a thionól uair sa bhliain ar a laghad, i ndiaidh a chéile, nuair is féidir, leis an gComhairle Gnóthaí Eachtracha ina comhdhéanamh ábhartha, agus a áirithiú go n-ullmhófar a chruinnithe agus a chlár oibre go tráthúil agus go substainteach sa chomhlacht ullmhúcháin iomchuí den Chomhairle. Sna clár oibre de chruinnithe an Bhoird, ba cheart díriú ar shaincheisteanna a bhfuil ábharthacht pholaitiúil shoiléir ag baint leo agus ba cheart don Choimisiún, don Ardionadaí do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus do na Ballstáit a bheith in ann plé straitéiseach a dhéanamh le chéile, lena n-áirítear maidir le cur chun feidhme na straitéise, bunaithe ar na clár oibre sin.

11. Tugann an Chomhairle dá haire go bhféadfar athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe rialachais atá ann faoi láthair i bhfianaise an rialaithe a dhéanfar ar aon ionstraimí gníomhaíochta seachtraí a bheidh ag an Aontas amach anseo.
12. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá trédhearcacht agus comhar éifeachtach i ngach struchtúr rialachais a bhaineann le Global Gateway. Molann sí go láidir don Choimisiún a áirithiú go mbeidh rannpháirtíocht thráthrialta, éifeachtach, níos dlúithe ag an gComhairle agus na Ballstáit san obair a dhéanann an Grúpa Comhairleach Gnó agus Ardán Comhairleach na Sochaí Sibhialta agus na nÚdarás Áitiúil. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle go gcuirfí na ról atá ag an nGrúpa Comhairleach Gnó agus ag Ardán Comhairleach na Sochaí Sibhialta agus na nÚdarás Áitiúil in iúl go soiléir, mar aon leis an ngaol atá acu le Bord Global Gateway agus leis na Ballstáit.
13. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún tuairisciú go tráthrialta ar an dul chun cinn a dhéantar maidir le cur chun feidhme Global Gateway, le trédhearcacht iomlán i dtaca leis an gcistiú a shlógar, lena n-áirítear a mhéid a chuirtear le cuspóirí agus leasanna beartais an Aontais, agus cur chun feidhme thionscnaimh Global Gateway. Ba cheart na tuarascálacha sin a bheith caighdeánach agus ba cheart bonn eolais a chur faoi phlé Bhord Global Gateway leo. Thairis sin, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh gníomhaithe uile Fhoireann na hEorpa tuairisciú airgeadais ar straitéis Global Gateway ar bhealach tráthúil, soiléir, trédhearcach agus struchtúrtha.
14. Molann an Chomhairle rannpháirtíocht chomhleanúnach na n-institiúidí maoinithe forbraíochta, na mbanc forbartha poiblí, na ngníomhaithe san earnáil phríobháideach, na ngníomhaireachtaí idirnáisiúnta comhair, na ngníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin agus na ngníomhaireachtaí cur chun feidhme faoi chur chuige Fhoireann na hEorpa agus na Foirne Náisiúnta, lena n-áiríteofar oscailteacht, neamh-idirdhealú agus iompar freagrach gnó.

15. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá cur chuige uile-Choimisiúin chun a áirithiú go gcuirfear straitéis Global Gateway chun feidhme go comhleanúnach sna seirbhísí uile agus trí Thoscaireachtaí an Aontais i dtíortha comhpháirtíochta. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil struchtúir chomhordúcháin ‘Foireann Náisiúnta’ na mBallstát á mbunú agus á neartú i gcónaí i gcur chuige uile-rialtais, lena dtugtar le chéile gníomhaithe éagsúla ó na Ballstáit, lena n-áirítear i réimsí na ngnóthaí eachtracha, na forbartha, an airgeadais, na trádála agus na hearnála príobháidí, agus trína ndéantar iad a nascadh go córasach le cur chuige Fhoireann na hEorpa agus le seachadadh straitéis Global Gateway.

D. Úinéireacht Áitiúil agus Comhpháirtíochtaí a théann chun tairbhe do gach taobh

16. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá an úinéireacht áitiúil agus an t-ailíniú le tosaíochtaí na dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear a bpleananna náisiúnta maidir le forbairt inbhuanaithe chomh maith le rannpháirtíocht fhóinteach luath agus leanúnach le húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, le heagraíochtaí réigiúnacha, leis an tsochaí sibhialta agus le comhpháirtithe sóisialta le linn thimthriall an tionscadail. Is féidir rioscaí a mhaolú agus inbhuanaitheacht thionscadail Global Gateway a neartú trí dhul i gcomhairle leis na gníomhaithe sin. Ba cheart conairí Global Gateway a dhíriú ar thíortha agus ar réigiúin, bunaithe ar anailís eacnamaíoch pholaitiúil agus ar chomhairliúchán ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal trasteorann, agus ba cheart iad a bheith ina bhfoinse tacaíochta do straitéisí réigiúnacha agus do chonairí trasréigiúnacha chun an cóineasú beartais, an inbhuanaitheacht agus an comhtháthú réigiúnach a neartú.
17. Leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá le timpeallachtaí cumasúcháin, rannpháirtíocht na sochaí sibhialta, neartú ar na hacmhainneachtaí rialála, institiúideacha agus teicniúla áitiúla chomh maith le hurraim don smacht reachta agus don dea-rialachas, lena n-áirítear trédhearcacht agus cuntasacht, le linn thimthriall na dtionscadal chun inbhuanaitheacht, cruthú luacha áitiúil agus tionchar marthanach forbartha a áirithiú. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar scileanna a fhorbairt ar bhonn áitiúil agus ar oiliúint a chur ar na hacmhainní daonna, lena n-áirítear le haghaidh acmhainneacht cothabhála.

18. Meabhraítear don Chomhairle prionsabail Busan maidir le héifeachtacht forbartha a mhéid a bhaineann le húinéireacht², díriú ar thorthaí agus ailíniú, trédhearcacht, cuntasacht fhrithpháirteach agus comhpháirtíochtaí cuimsitheacha, agus leagann sí béim ar a gcur i bhfeidhm i straitéis Global Gateway ina hiomláine. Leagann an Chomhairle béim freisin ar an mbreisluach a bhaineann le Global Gateway sa tiomantas a léirítear do mhaoiniú freagrach trédhearcach, lena gcuirtear tairiscint inbhuanaithe ar fáil lena gcinntítear inmharthanacht fhadtéarmach agus lena dtugtar cosaint do chomhpháirtithe ar leochaileachtaí fiachais.

E. Rannpháirtíocht na hEarnála Príobháidí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (FBManna)

19. Leagann an Chomhairle béim ar an ról lárnach atá ag an earnáil phríobháideach, lena n-áirítear FBManna sna Ballstáit agus sna tíortha comhpháirtíochta, maidir le straitéis Global Gateway a sheachadadh, lena n-áirítear trí chaipiteal príobháideach a shlógadh, trí shaineolas teicniúil agus trí shlabhraí luacha inbhuanaithe a fhorbairt. Sa chomhthéacs sin, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá na huirlisí, na modhanna agus na coimircí iomchuí chun rúndacht fhaisnéis íogair na gcuideachtaí a áirithiú i dtimthriall na dtionscadal chun rannpháirtíocht na hearnála príobháidí a éascú.
20. Is díol sásaimh don Chomhairle oibriochtú Mhol Infheistíochta Global Gateway agus tionscnaimh rannpháirtíochta ábhartha na hearnála príobháidí i limistéir gheografacha eile, mar phointí iontrála intuartha agus sásraí comhordúcháin le haghaidh earnáil phríobháideach na hEorpa. Sa chomhthéacs sin, cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá sé comhleanúnachas agus comhchaighdeán a áirithiú do ghníomhaithe san earnáil phríobháideach agus iarrann sí ar an gCoimisiún a gcomhordú a fheabhsú a thuilleadh. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cur lena gcuid iarrachtaí an earnáil phríobháideach a rannpháirtiú i gcur chun feidhme Global Gateway agus soiléiriú a thabhairt ar na tairbhí nithiúla airgeadais agus neamhairgeadais a chuireann siad ar fáil.

² Mar a leagtar amach i gComhpháirtíocht Busan maidir le Comhar um Fhorbairt Éifeachtach.

21. Iarrann an Chomhairle go gcuirfí feabhas ar an rochtain atá ag FBManna de chuid an Aontais ar na deiseanna infheistíochta a bhaineann le straitéis Global Gateway trí rannpháirtíocht luath agus faisnéis inrochtana thráthúil maidir le tionscadail agus an próiseas soláthair, lena n-áirítear trí dheiseanna a bheidh ag teacht aníos a fhoilsiú go rialta agus go tráthúil ar Mhol Infheistíochta Global Gateway agus trí Thoscaireachtaí an Aontais. Ba cheart feidhm a bheith aige sin freisin maidir leis na tionscnaimh rannpháirtíochta ábhartha eile de chuid na hearnála príobháidí i ngach limistéar geografach a chumhdaítear leis an Straitéis Global Gateway. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle go laghdófaí bacainní riaracháin agus airgeadais, go n-ullmhófaí tionscadail ag céim luath agus ar bhealach spriocdhírthe, agus iarrann sí uirlisí meaitseála agus maolaithe riosca iomchuí freisin chun rannpháirtíocht FBManna an Aontais a éascú.
22. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú, maidir leis na páirtithe cur chun feidhme a bhaineann tairbhe as cistiú ón Aontas ar mhaithe le rannpháirtíocht sheachtrach, go neartóidh na comhpháirtithe sin na beartais agus na cleachtais straitéiseacha soláthair lena gcothaítear iomaíocht chóir agus cothrom iomaíochta, lena n-áirítear i gcásanna inar beag an rochtain atá cuideachtaí an Aontais ar mhargaí seachtracha, go háirithe trí úsáid éifeachtach a bhaint as caighdeáin agus lánurraim á tabhairt do rialacha ábhartha trádála idirnáisiúnta agus do Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine.

Sa chomhthéacs sin, cuireann an Chomhairle i dtreis nach mór iomaíocht chóir in infheistíochtaí faoin straitéis Global Gateway a chosaint trí aghaidh a thabhairt ar shaobhadh margaidh agus trína áirithiú nach mbainfear an bonn de phróisis soláthair trí dhul timpeall ar rialacha idirnáisiúnta nó trí thairiscintí atá fóirdheonaithe go struchtúrach a chur isteach, lena n-áirítear, i gcás inar gá, trí bhearta spriocdhírthe rioscabhunaithe in earnálacha straitéiseacha i gcomhréir le leasanna straitéiseacha an Aontais. Ba cheart tacú le rannpháirtíocht agus slógadh eintitis na hearnála príobháidí ó na Ballstáit,

nuair is féidir, lena n-áirítear trí úsáid níos leithne a bhaint as critéir rátáilte lena ndírítear ar luach, ar cháilíocht, ar inbhuanaitheacht agus ar athléimneacht, agus cur i bhfeidhm ardchaighdeán ag na gníomhaithe cur chun feidhme uile a chur chun cinn. Ní mór an tslándáil eacnamaíoch a chosaint leis na cleachtais sin freisin, cruthú luacha áitiúil agus deiseanna fostaíochta i dtíortha comhpháirtíochta a mhéadú, chomh maith le hiomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais i ngeilleagar oscailte a neartú, agus spleáchais ardriosca in earnálacha criticiúla a laghdú freisin.

23. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart infheistíochtaí bonneagair faoi straitéis Global Gateway a dhéanamh de réir na gcaighdeán sóisialta, comhshaoil agus saothair is airde atá i gcomhréir le luachanna an Aontais agus lánurraim á tabhairt don dlí idirnáisiúnta.

F. Iltaobhachas éifeachtach

24. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta seasamh le Cairt na Náisiún Aontaithe agus le Clár Oibre 2030 agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé tacú le tíortha comhpháirtíochta agus dul chun cinn á dhéanamh acu maidir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach, lena n-áirítear a rannpháirtíocht sna tíortha is lú forbairt agus i gcomhthéacsanna leochaileacha. Athdhearbhaíonn sí freisin tiomantas daingean an Aontais don iltaobhachas éifeachtach mar thimpeallacht chumasúcháin rithábhachtach don fhorbairt idirnáisiúnta agus do chur chun feidhme Global Gateway agus don ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a bhfuil na Náisiún Aontaithe ina chroílár. Molann sí dlúthchomhar le córas na Náisiún Aontaithe, an Eagraíocht Dhomhanda Trádála agus an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, bainc forbartha réigiúnaí, comhpháirtithe atá ar aon intinn leo agus gníomhaithe ábhartha eile forbartha.

25. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé comhoibriú le ECFE, G7 agus G20 chun ardchaighdeán a chur chun cinn maidir le trédhearcacht, an smacht reachta, inbhuanaitheacht fiachais agus coimircí comhshaoil agus sóisialta, chomh maith le cothrom iomaíochta a áirithiú agus tairiscintí infheistíochta bonneagair ilroinnte nó dúblacha ón Aontas, ó na Ballstáit agus ó chomhpháirtithe atá ar aon intinn leo á seachaint ag an am céanna.
26. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart straitéis Global Gateway a bheith ina leas d'earraí poiblí domhanda agus réigiúnacha agus gur cheart í a bheith ailínithe i gcónaí le gealltanais dhomhanda maidir le maoiniú don fhorbairt, trédhearcacht, inbhuanaitheacht agus bainistiú fiachais, go háirithe i gcomhréir le Gealltanais Sevilla maidir le Maoiniú don Fhorbairt.

G. Úsáid Straitéiseach a bhaint as Ionstraimí Airgeadais an Aontais, Iomaíochas agus Slándáil Eacnamaíoch

27. Aithníonn an Chomhairle an ról lárnach atá ag ionstraimí airgeadais amhail ráthaíochtaí agus meascadh maidir le hinfeistíochtaí inbhuanaithe a shlógadh do thionscadail Global Gateway, agus leagann sí béim ar úsáid chomhleanúnach bhosca uirlisí iomlán an Aontais, lena n-áirítear comhar teicniúil, chun tairiscint iomaíoch intuartha a chur ar fáil atá ailínithe le tosaíochtaí comhpháirtíochta agus le leasanna straitéiseacha an Aontais.
28. Leagann an Chomhairle béim ar a riachtanaí atá sineirgí agus comhlántacht idir ionstraimí maoinithe seachtracha agus inmheánacha, lena n-áirítear chun tacú le hiomaíochas an Aontais, sláine na n-oibríochtaí incháilithe Cúnaimh Oifigiúil Forbraíochta (COF) a chosaint agus úsáid thrédhearcach COF agus acmhainní eile a áirithiú. Leagann sí béim ar a thábhachtaí atá an trédhearcacht agus an chuntasacht agus ionstraimí airgeadais á n-úsáid.

29. Molann an Chomhairle comhordú feabhsaithe idir gníomhaireachtaí cur chun feidhme, Institiúidí Maoinithe Forbraíochta agus Gníomhaireachtaí Creidmheasa Onnmhairiúcháin, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir le rialacha idirnáisiúnta, chun tacú le hearnálacha agus tionscadail straitéiseacha, le slabhraí luacha athléimneacha éagsúlaithe agus le bonneagar slán, agus ardchaighdeán chomhshaoil agus shóisialta á gcoinneáil ag an am céanna.
30. Cuireann an Chomhairle i dtábhacht nach mór neartú shlándáil eacnamaíoch an Aontais a bheith ag brath ar chomhpháirtíochtaí comhthairbheacha lena n-urramaítear úinéireacht na dtíortha comhpháirtíochta agus leasanna an Aontais. Ba cheart Global Gateway a chur chun feidhme ar bhealach straitéiseach ina n-áirítear comhleanúnachas le beartais an Aontais, ina neartaítear athléimneacht, slándáil agus iomaíochas an Aontais, ina dtreisítear an acmhainneacht cur i gcrích, ina laghdaítear spleáchais ardriosca, ina ndéantar earnálacha agus bonneagar criticiúil a chosaint, agus ina dtacaítear le tairiscintí ardcháilíochta iontaofa a sholáthar i dtíortha comhpháirtíochta ar dhóigh atá comhsheasmhach le leasanna straitéiseacha agus creat dlíthiúil an Aontais.
31. Is díol sásaimh don Chomhairle tacaíocht airgeadais spriocdhírthe ón Aontas chun an leas is mó is féidir a bhaint as oibríochtaí institiúidí airgeadais an Aontais agus na hearnála príobháidí chun tacú le cur chun feidhme Global Gateway. Na Ballstáit uile, iad siúd nach bhfuil Gníomhaireachtaí Creidmheasa Onnmhairiúcháin ná/nó Institiúidí Maoinithe Forbraíochta acu, ba cheart rochtain a bheith acu ar an gcistiú faoi seach ar leibhéal an Aontais ionas go bhféadfaidh siad páirt éifeachtach a ghlacadh in Global Gateway. Lena chois sin, tacaíonn an Chomhairle leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun uirlisí nua mhaoiniúcháin agus ráthaíochta atá buiséadneodrach a chruthú ar leibhéal an Aontais chun tacú le hoibríochtaí ghníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin an Aontais a rannchuidíonn le cur chun feidhme Global Gateway agus le comhordú feabhsaithe uirlisí airgeadais an Aontais. Ba cheart na réitigh sin a bheith simplí agus saincheaptha go sonrach chun tacú le gníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin an Aontais, lena n-áiritheofaí breisiócht agus comhlántacht do na córais náisiúnta atá ann cheana, agus gur féidir leis na Ballstáit uile agus a ngnólachtaí, lena n-áirítear FBManna, páirt éifeachtach a ghlacadh in Global Gateway.

H. Cumarsáid straitéiseach

32. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá cumarsáid shoiléir, fhíricbhunaithe, chomhsheasmhach, thrédhearcach agus chomhordaithe ó ghníomhaithe uile Fhoireann na hEorpa, cumarsáid atá le cur chun feidhme ar fud na dtíortha comhpháirtíochta agus na réigiún comhpháirtíochta uile, agus san Eoraip, go háirithe maidir le príomh-mhisin, cruinnithe mullaigh agus garspriocanna, chun infheictheacht Global Gateway a fheabhsú, bréagaisnéis fhéideartha faoi Global Gateway a chosc agus a chomhrac agus a aitheantas mar bhranda iontaofa a chomhdhlúthú agus é mar chuspóir deiridh aige sin aitheantas agus inchreidteacht an Aontais a neartú. Leagann sí béim freisin ar a thábhachtaí atá sé pobail i dtíortha comhpháirtíochta a rannpháirtiú go héifeachtach trí fheachtais chumarsáide spriocdhírithe chun infheictheacht Global Gateway a uasmhéadú.
33. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur cheart insint chomhleanúnach a chur in iúl sa chumarsáid maidir le Global Gateway, bunaithe ar threoirlínte brandála, lena léirítear an ról atá aige i dtaobh gníomhaíocht sheachtrach agus tosaíochtaí straitéiseacha níos leithne an Aontais a chur chun cinn, chomh maith leis an méid a rannchuidíonn sé leis an rathúnas comhroinnte, an nascacht fheabhsaithe agus an fhorbairt inbhuanaithe. Iarrann sí freisin go nglacfaí cur chuige a mbeadh na comhpháirtithe ina lár, agus é dírithe ar thorthaí nithiúla agus ar shochair fhrithpháirteacha agus saincheaptha do chomhthéacsanna réigiúnacha agus náisiúnta, chomh maith le spriocphobail.
34. Molann an Chomhairle go neartófaí na hiarrachtaí cumarsáide comhpháirteacha a bhaineann le Global Gateway, arna gcomhordú ag Toscaireachtaí an Aontais, lena n-áirítear ar bhonn ábhar cumarsáide comhroinnte, agus a dhéantar i gcomhpháirt leis na Ballstáit chun an fhor-rochtain a bharrfheabhsú. I gcás inarb ábhartha, ba cheart do na Ballstáit Global Gateway a chomhtháthú ina n-iarrachtaí for-rochtana faoi seach, chun teachtaireachtaí comhsheasmhacha ach difreáilte a áirithiú.

I. Sineirgí Trasnacha

35. Leagann an Chomhairle béim ar a riachtanaí atá sé sineirgí agus comhleanúnachas a áirithiú idir gníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus beartais inmheánacha ábhartha ar fud réimsí an iomaíochais, na trádála, na seirbhísí digiteacha, na haeráide agus an fhuinnimh, an iompair, na sláinte, an oideachais agus an taighde, agus sainorduithe ar leith á gcaomhnú ag an am céanna agus dubailt agus ilroinnt á seachaint.
36. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí tosaíochtaí cothrománacha, eadhon, inbhuanaitheacht aeráide agus comhshaoil, laghdú na bochtaineachta, talmhaíocht agus cothú, comhionannas inscne, sláinte, cearta an duine, oideachas, forbairt scileanna agus obair chuibhiúil, cuimsiú digiteach agus cosaint na hoidhreacht cultúrtha, a chomhtháthú sa dearadh, sa chur chun feidhme agus san fhaireacháin, agus molann sí malartuithe struchtúrtha taithí ar fud na réigiún agus na n-earnálacha chun samhlacha rathúla a mhacasamhlú.
37. Molann an Chomhairle ailíniú níos láidre idir infheistíochtaí Global Gateway agus ionstraimí beartais trádála agus thionsclaíoch an Aontais, lena bhfeabhsófaí rochtain ar an margadh, éascú infheistíochta, cóineasú rialála, agus comhtháthú inbhuanaithe an tslabhra soláthair chun forbairt agus tionchar eacnamaíoch thionscadail Global Gateway a uasmhéadú.

J. An Bealach Chun Tosaigh

38. Tá an Chomhairle tiomanta i gcónaí do Global Gateway a chur chun cinn mar ghné lárnach de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, go háirithe i gcomhthéacs geopholaitiúil ina bhfuil ilroinnt, éagobhsaíocht agus iomaíocht mhéadaithe.

39. Iarrann an Chomhairle go leanfaí den idirphlé struchtúrtha le tíortha comhpháirtíochta agus leis na gníomhaithe ábhartha uile ar gach leibhéal, maidir le tosaíochtaí, seachadadh agus cur chun feidhme Global Gateway. Is fada léi go leanfar den phlé maidir le feabhas a chur ar an struchtúr rialachais, lena n-áirítear na ról agus an t-idirghníomhú idir na gnéithe éagsúla de. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá comhar feabhsaithe idir Toscaireachtaí an Aontais agus na Ballstáit ionas gur féidir cur chun feidhme comhleanúnach a áirithiú agus cumarsáid straitéiseach a neartú.
40. Molann an Chomhairle socrúithe rialachais agus seachadta lena n-áirithítear stiúradh polaitiúil agus straitéiseach na Comhairle, comhordú éifeachtach agus malartuithe tráthúla laistigh de Bhord Global Gateway. Leagann an Chomhairle béim freisin ar a thábhachtaí atá an méid a leanas: critéir shoiléire thrédhearcacha chun tionscadail a roghnú, tuairisciú rialta agus níos aonfhoirmí, fócas neartaithe ar thionscadail a ullmhú agus a chur chun feidhme go tráthúil, agus faireachán a dhéanamh ar gharspriocanna agus ar thionchar.
41. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme Global Gateway bunaithe ar thuairisciú arna chur ar fáil ag comhaltaí uile Fhoireann na hEorpa, treoir infheistíochta agus bheartais a thabhairt chun Global Gateway a chur chun feidhme sna réigiúin ábhartha. Leis na hathbhreithnithe sin, ba cheart forléargas soiléir a thabhairt ar an gcistiú a gealladh, ar na hinfheistíochtaí a slógadh, ar iarrachtaí cumarsáide, agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh agus ar dhea-chleachtais, lena n-áirítear ó thionscadail shuaitheanta, agus ba cheart iad a chur i láthair roimh chruinnithe Bhord Global Gateway. Measann an Chomhairle gur den tábhacht é machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar agus ar fheabhsuithe a d'fhéadfaí a chur ar chur i gcrích na straitéise Global Gateway. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle go mbeadh modheolaíocht thrédhearcach ann chun measúnú a dhéanamh ar thorthaí forbartha, ar na hacmhainní arna slógadh agus ar an rannchuidiú le leasanna straitéiseacha an Aontais.